

Téarmaí agus Coinníollacha – tá cúpla rud le tabhairt san áireamh má theastaí onn uait do scéal a roinnt ar mheáin shóisialta Fighting Words agus Graffiti...

- Tá na scéalta le bheith roinnte idir Dé Céadaoin, 25 Samhain ag a 12in agus Dé hAoine, 31 Nollaig ag a 5in
- Bí cinnte ainm agus aois an údair a lua, mar aon le hainm an chontae ina bhfuil siad ina gcónaí ann
- Uasmhéid focal: 200 focal
- Is féidir leis na scéalta a bheith i nGaeilge nó i mBéarla
- Ní mór do na húdair a bheith idir 6-12 bliain d'aois
- Cuimhnigh nach mbeidh Fighting Words ná Graffiti Theatre Company in ann aiseolas a thabhairt d'údair aonarach
- Is deis atá anseo le bheith spráúil agus cruthaitheach ag teacht suas go Nollaig. Ní comórtas atá ann agus ní dhéanfar aon bhreithiúnas ar na scéalta.
- Bí cinnte go bhfuil an t-ábhar atá sna scéalta a roinnfear le Fighting Words agus le Graffiti Theatre Company feiliúnach do pháistí.
- Tá an t-eolas ar fad a bhaineann leis an gcaoi gur féidir páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo mar chuid de na téarmaí agus de na coinníollacha. Má ghlactar páirt, tá sé ar cheann de na coinníollacha go nglacfar leis na rialacha agus go dtuigeann tuismitheoir/caomhnóir an pháiste go gcaithfear na rialacha seo a leanúint.
- Is iad Graffiti Theatre Company, Bóthar na Deastógála, An Linn Dubh, Corcaigh, T23 FDT4 agus Fighting Words, Cearnóg Uí Bheacháin, 12-16 Sráid Ruiséil, Baile Átha Cliath 1 D01 WD53 tionscnóirí an chláir seo.
- Ní ghlacann Graffiti Theatre Company ná Fighting Words aon fhreagracht d'aon damáiste, aon chailteanas, aon dliteanas, aon ghortú ná aon díomá a thabhaítear nó a fhulaingítear agus obair chruthaitheach á roinnt.
- Ní bheidh aon dliteanas ar Graffiti Theatre Company, ar Fighting Words ná ar thríú páirtithe dá gcuid a n-oibleagáidí maidir leis an gcomórtas seo a chomhlíonadh sa chás gur ní éigin lasmuigh dá smacht réasúnach is cúis leis an mainneachtain.
- Beidh Téarmaí agus Coinníollacha 'Dhá Scéal Déag na Nollag' faoi réir dhlí na hÉireann agus géilleann iontrálaithe do dhlínse eisiach Chúirteanna de chuid na hÉireann